Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Nollaig 2016
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0382 (COD)**

**15120/16**
**ADD 8**

**ENER 417**
**CLIMA 168**
**CONSOM 298**
**TRANS 479**
**AGRI 650**
**IND 261**
**ENV 757**
**IA 130**
**CODEC 1802**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Nollaig 2016 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2016) 419 final - PART 1/2 |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/28/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2016) 419 final - PART 1/2.

---

Faoi iamh: SWD(2016) 419 final - PART 1/2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.11.2016
SWD(2016) 419 final

PART 1/2

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/28/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn**

{COM(2016) 767 final}
{SWD(2016) 416 final}
{SWD(2016) 417 final}
{SWD(2016) 418 final}

## Bileog Achoimre Feidhmiúcháin

Measúnú tionchair ar an Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/28/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn

## A. An gá atá le beart

### Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais Eorpaigh?

Le Treoir 2009/28/CE (an **Treoir maidir le Foinsí In-athnuaite Fuinnimh**) bunaítear creat Eorpach maidir le Fuinneamh In-athnuaite a chur chun cinn ina leagtar amach spriocanna náisiúnta éigeantacha le haghaidh an sciar den fhuinneamh in-athnuaite in olltomhaltas deiridh fuinnimh gach Ballstáit faoi 2020. I mí Dheireadh Fómhair 2014, chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach sprioc cheangailteach 27 % ar a laghad ar leibhéal an Aontais maidir leis an sciar den fhuinneamh in-athnuaite a thomhlófar san Aontas in 2030. Mar thoradh ar theaglaim d'éifeachtaí fadtéarmacha na mbeartas atá i bhfeidhm faoi láthair, amhail an feabhas atá tar éis teacht ar an iomaíochas costais a bhuí leis an dul chun cinn teicneolaíoch mar aon leis na tionscnaimh a bhaineann leis an gCóras Trádála Astaíochtaí (CTA) agus le hearnálacha nach mbaineann trádáil astaíochtaí leo, dearadh an mhargaidh leictreachais agus rialachas agus éifeachtúlacht fuinnimh, tuartar go dtiocfaidh méadú ar an an sciar den fhuinneamh in-athnuaite a úsáidtear. De cheal beartais bhreise de chuid an Aontais, áfach, níl an méadú sin éifeachtúil ó thaobh costas agus ní leor é chun go mbainfear amach an sprioc den fhuinneamh in-athnuaite ar leibhéal an Aontais a aontaíodh.

### Cad é ba cheart a bhaint amach?

I gcomhthéacs Straitéis an Aontais Fuinnimh, áirítear ceithre phríomhchuspóir san athbhreithniú ar an Treoir maidir le Foinsí In-athnuaite Fuinnimh: (i) tacú le teorainn a chur leis an méadú ar an meánteocht domhanda go dtí nach mó ná 2°C, d'fhonn 1.5 C a bhaint amach i gcomhréir le gealltanas an Aontais maidir le cuspóirí Chomhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide (COP 21 Pháras); (ii) sciar 27 % ar a laghad den fhuinneamh in-athnuaite san Aontas a bhaint amach faoi 2030; (iii) cur le cinnteacht an tsoláthair fuinnimh i ngeilleagar an Aontais trí spleáchas ar allmhairí a laghdú; (iv) cabhrú le go mbeidh an tAontas Eorpach ar thús cadhnaíochta ar domhan i réimse an fhuinnimh in-athnuaite agus ina mhol domhanda ó thaobh forbairt a dhéanamh ar ardteicneolaíochtaí iomaíocha fuinnimh in-athnuaite.

### Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?

De bharr gur ann do chlistí agus do bhacainní sonracha sa mhargadh, tá gá le beartais ar leibhéal an Aontais chun deimhin a dhéanamh de go mbainfear amach an sprioc cheangailteach 27 % ar a laghad ar leibhéal an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite **ar bhonn comhpháirteach**, agus go ndéanfar sin ar an mbealach is éifeachtaí is féidir ó thaobh costas agus is lú a dhéanann saobhadh ar an margadh. Mar thoradh ar bhearta an Aontais, áiritheofar cinnteacht d'infheisteoirí i gcreat rialála uile-Aontais; lena chois sin, déanfar deimhin de go mbainfear úsáid chomhsheasmhach agus chost-éifeachtúil as fuinneamh in-athnuaite ar fud an Aontais agus gon-oibreoidh an margadh inmheánach fuinnimh ar bhealach éifeachtach agus, ag an am céanna, urramófar an cumas atá ag na Ballstáit cineálacha éagsúla fuinnimh in-athnuaite a tháirgeadh de réir a rogha meascán fuinnimh féin.

## B. Réitigh

### Cad iad na roghanna lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth?

Rinneadh roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha maidir le cur chun cinn na húsáide a bhaintear as fuinneamh in-athnuaite a mheas. Sa mheasúnú tionchair, áirítear anailís mhionsonraithe a rinneadh ar gach rogha beartais ina leagtar amach, ar bhonn céimnitheach,

GA